Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2010**

# Stair

## Aonad 1: Grinnstaidéar

### Ardsraith

**[GHY12]**

GHY12

**DÉ CÉADAOIN 2 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **ceithre** cheist: **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe i** Roinn A
agus **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe i** Roinn B.

Tig leat tuilleadh leathanach a fháil le do fhreagraí a chríochnú ach iad a iarraidh.
Ceangail na leathanaigh seo den Leabhrán Freagraí agat leis an scorán atá ar fáil.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gcodanna **(b)**, **(c)** agus **(d)** de na ceisteanna **uile**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**LEATHANACH BÁN**

Freagair **ceithre** cheist.

## Roinn A

Freagair **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe**.

| | **Leathanaigh** |
|---|---|
| **Rogha 1:** An Ghearmáin 1918–1941 | 4–5 |

## Roinn B

Freagair **dhá** cheist as **d'ábhar roghnaithe**.

| | |
|---|---|
| **Rogha 5:** Caidreamh ag Athrú: An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Éire, 1965–1985 | 6–7 |

## Roinn A

### Rogha 1: An Ghearmáin, 1918–1941.

Freagair **dhá** cheist ar bith.

Ba chóir duit na codanna uile den cheist a fhreagairt.

**1 Iarmhairtí an Chéad Chogadh Domhanda agus Poblacht Weimar is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** dhóigh a raibh rialtas Weimar faoi bhagairt ag cur in éadan foréigneach idir 1919 agus 1923. [2]

**(b)** Cén dóigh a ndeachaigh rialtas Weimar i ngleic le géarchéim an fhorbhoilscithe idir 1923 agus 1924? [5]

**(c)** Cad iad na héifeachtaí a bhí ag an Chéad Chogadh Domhanda agus ag Conradh Versailles ar an Ghearmáin faoi 1921? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige ar tháinig athrú ar an tacaíocht a bhí ag Hitler agus na Naitsithe idir 1924 agus Eanáir 1933. Déan tagairt do na pointí thíos i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Polasaithe agus gníomhartha na Naitsithe idir 1924 agus 1929
- Na héifeachtaí polaitíochta agus eacnamaíochta a bhí ag an Spealadh [12]

**2 An Ghearmáin Naitsíoch, 1933–1939, is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** éifeacht a bhí ag polasaithe eacnamaíochta na Naitsithe ar shaol na n-oibrithe sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939. [2]

**(b)** Cén dóigh a ndearna na Naitsithe iarracht na heaglaisí sa Ghearmáin a thabhairt faoi smacht idir 1933 agus 1939? [5]

**(c)** Cén dóigh ar athraigh Hitler agus na Naitsithe saol na ndaoine óga idir 1933 agus 1939? [6]

**(d)** Mínigh an dóigh ar neartaigh na Naitsithe a smacht ar an Ghearmáin ó 1933 go dtí 1939. Déan tagairt do na pointí thíos i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Comhdhlúthú na cumhachta, 1933–1934
- Bolscaireacht agus cinsireacht [12]

**3 Polasaithe na Naitsithe agus Gníomhartha san Eoraip, 1933–1941, is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** dhóigh ar sháraigh na Naitsithe téarmaí Chonradh Versailles idir 1933 agus 1935. [2]

**(b)** Cén dóigh ar éirigh leis na Naitsithe Dúiche na Réine a áthmhíleatú in 1936? [5]

**(c)** Cén dóigh ar éirigh leis an Ghearmáin an Sudetenland a ghabháil in 1938? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige a ndeachaigh an Ghearmáin i mbun cogaíochta san Eoraip idir 1939 agus 1941. Déan tagairt do na pointí thíos i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Gníomhartha na Gearmáine, 1939
- Ionradh ar an APSS (USSR), 1941 [12]

## Roinn B

### Rogha 5: Caidreamh ag Athrú: An Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Éire, 1965–1985

Freagair **dhá** cheist ar bith.

Ba chóir duit na codanna uile den cheist a fhreagairt.

**13 Tuaisceart Éireann sna 1960í agus a caidreamh le Poblacht na hÉireann is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** dhóigh ina ndearna O'Neill iarracht an caidreamh idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann a fheabhsú. [2]

**(b)** Cad é mar a d'fhreagair Aontachtaithe agus an CRU (RUC) do mhórshiúlta ceart sibhialta idir Lúnasa 1968 agus Eanáir 1969? [5]

**(c)** Cad é a rinne O'Neill le geilleagar Thuaisceart Éireann a fheabhsú sna 1960í? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige ar tháinig gluaiseacht ceart sibhialta chun cinn i dTuaisceart Éireann sna 1960í. Déan tagairt do na pointí thíos i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Tionchair ar an ghluaiseacht ceart sibhialta
- Cúiseanna gearáin na náisiúnaithe [12]

**14 Géarú ar Chorraíl Pholaitiúil agus Shibhialta is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** fháth ar tháinig an IRA Sealadach chun cinn. [2]

**(b)** Cad é a rinne rialtas na Breataine le dul i ngleic le foréigean i dTuaisceart Éireann i samhradh 1969? [5]

**(c)** Cad é mar a d'fhreagair náisiúnaithe agus aontachtaithe d'imeachtaí Dhomhnach na Fola, Eanáir 1972? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige ar tugadh imtheorannú isteach i dTuaisceart Éireann i Lúnasa 1971 agus cén dóigh ar fhreagair na náisiúnaithe d'imtheorannú. Déan tagairt do na pointí thíos i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Fáthanna ar tugadh imtheorannú isteach
- Freagairtí na náisiúnaithe d'imtheorannú [12]

**15 Réiteach a Lorg is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Luaigh **dhá** fháth ar tháinig Sinn Féin chun cinn i dtús na 1980í. [2]

**(b)** Cad é mar a d'fhreagair náisiúnaithe don Stailc Ocrais in 1981? [5]

**(c)** Cad é mar a d'fhreagair muintir Thuaisceart Éireann don Chomhaontú Angla-Éireannach in 1985? [6]

**(d)** Mínigh cad chuige ar tugadh cumhachtroinnt isteach i dTuaisceart Éireann agus cén dóigh ar chuir aontachtaithe in éadan cumhachtroinnte in 1973 agus in 1974. Déan tagairt do na pointí thíos i do fhreagra agus úsáid eolas ábhartha eile.

- Iarrachtaí ar réiteach polaitiúil a fháil
- Cur in éadan na n-aontachaithe [12]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

5718.05